Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Teicneolaíocht Adhmaid

## Leabhrán Foghlaim Ghairmiúil 2024-2025

Ag breithniú ról an mhachnaimh agus na féinmheastóireachta mar chuid lárnach d'aistear foghlama an scoláire

Ag fiosrú straitéisí chun cabhrú le scoláirí ar thuras dearaidh

Ag fáil taithí ar eispéiris foghlama phraiticiúla bharántúla a fheabhsaíonn eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna

CC BY NC


| Na Gnéithe Cáilíochta: Eolaíocht adhmaid inár dtimpeallacht | |
|---|---|
| **Thar barr ar fad**<br><br>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm. | ▪ Léiríodh le modh an taighde a roghnaíodh comparáid idir raon foinsí a raibh táirgeadh anailíse cuimsithí agus mionsonraithe ar na sonraí/torthaí mar thoradh air.<br>▪ Forbraíodh an topaic a roghnaíodh ar bhonn criticiúil trí choincheapa malartacha a chur i gcomparáid le chéile i gcoibhneas na topaice agus áiríodh leis breithnithe doimhne maidir le saincheist áitiúil nó dhomhanda.<br>▪ Bhí fianaise ar mheasúnú criticiúil ann ar feadh an taisc a raibh mionleasuithe ag céimeanna éagsúla mar thoradh air agus conclúidí fiúntacha agus cruinne lena ndéantar mar thoradh orthu siúd.<br>▪ Tá cur i láthair na dtorthaí ar chaighdeán sármhaith; agus úsáid á baint as meán ard-éifeachtach lena raibh deis machnamh criticiúil a dhéanamh ar an bhfaisnéis lena gcuirtear an tasc in iúl ar an mbealach is fearr. |
| **Os cionn na n-ionchas**<br><br>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán. | ▪ Bhí modh an taighde a roghnaíodh éifeachtach don topaic agus gineadh leibhéal grinn anailíse leis ar na sonraí/torthaí.<br>▪ Rinneadh an topaic a roghnaíodh a bheachtú tar éis machnamh ardleibhéil a dhéanamh ar choincheapa malartacha agus bhí naisc láidre aige le saincheist áitiúil nó dhomhanda.<br>▪ Tá measúnú na dtorthaí ar ardleibhéal, le roinnt conclúidí ábhartha agus cruinne lena mbeifear ina ann.<br>▪ Cuirtear na torthaí i láthair ar chaighdeán an-ard, agus meán éifeachtach á úsáid, le machnamh cúramach ar an bhfaisnéis lena gcuirtear an tasc in iúl go cruinn. |
| **Ag teacht leis na hionchais**<br><br>Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe sin go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó. | ▪ Bhí modh an taighde a roghnaíodh iomchuí don topaic agus gineadh roinnt anailíse leis ar na sonraí/torthaí.<br>▪ Rinneadh an topaic a roghnaíodh a fhorbairt agus tagairt á déanamh do roinnt coincheap malartach agus bhí ábharthacht éigin aige do shaincheist áitiúil nó dhomhanda.<br>▪ Bhí an measúnú iomchuí; tá na conclúidí gearr agus áirítear leo roinnt moltaí maidir le feidhmeanna ionchasacha..<br>▪ Cuirtear na torthaí i láthair go maith, agus meán iomchuí á úsáid, le machnamh cúramach ar an bhfaisnéis a chuirfear in iúl chun an tasc a thaispeáint ar an mbealach is fearr |
| **Níor chomhlíon na hionchais go fóill**<br><br>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart. | ▪ Bhí modh an taighde a roghnaíodh don topaic neamhéifeachtach agus níl mórán téagair san anailís ar na sonraí/torthaí.<br>▪ Áiríodh tuiscint choincheapúil éigin leis an topaic a roghnaíodh ach is beag ábharthacht a léiríodh nó níor léiríodh ábharthacht ar bith leis do shaincheist áitiúil nó dhomhanda.<br>▪ Is beag a thairgtear mar chonclúidí nó ní thairgtear conclúidí ar bith le measúnú na dtorthaí agus ní dhéantar aon mholtaí maidir le feidhmeanna ionchasacha.<br>▪ Cuirtear na torthaí i láthair i bhformáid neamhoiriúnach agus mar thoradh air sin cuirtear an Measúnú Rangbhunaithe in iúl go neamhéifeachtach. |



# Treoir Dhearaidh:

*Déan painéal maisiúil maircíneachta a dhearadh agus a thógail a léiríonn an áit arb as tú, a chuireann an baile i gcuimhne duit, nó a léiríonn d'ábhair spéise.*

Déan iniúchadh ar an fhadhb dhearaidh sa spás thíos. Déan do smaointeoireacht a dhoiciméadú agus tú ag iniúchadh na coimre dearaidh.



FIONNADH

# TAIGHDE – Ar lorg eolas nua

Smaoinigh go leathan




Roinnt ceisteanna a d’fhéadfá a úsáid chun cabhrú leat smaoineamh...

## CÉN FÁTH?

Cén fáth a bhfuil an fhadhb seo ann? Cén fáth a bhfuil réiteach de dhíth?

Cén fáth nár réitíodh í cheana féin?

Cén fáth ar dearadh agus ar tógadh mar sin é?

## CAD É?

Cad é faoi a gcaithfidh níos mó eolais a bheith agat?

Cad é a fheidhm atá leis? Cé na fadhbanna atá ann?

Cad iad na réitigh eile atá ann? An bhfuil siad éifeachtach?

Cad iad na hábhair agus na comhpháirteanna a bhíonn in úsáid faoi láthair?

## CÉN UAIR?

Cén uair a úsáidtear é?

An féidir é a úsáid ag am difriúil, agus feidhm eile leis?

## CÉN ÁIT?

Cén áit a n-úsáidtear é? An féidir é a úsáid ag áit eile agus feidhm eile leis?

Cén áit ar féidir liom tuilleadh eolais a fháil? An bhfuil foinsí eile ann?

## CÉ?

Cé a úsáideann an táirge, seirbhís nó córas seo agus cad iad na riachtanais atá acu?

An bhfuil fáthanna ann nach féidir le níos mó daoine é a úsáid nó a bheith ag plé leis?

An bhfuil úsáideoirí sásta leis? Más amhlaidh, cén dóigh? Murab amhlaidh cén fáth?

## CONAS?

Conas a oibríonn sé? Conas a dhéantar é? Conas a rialaítear é?

An bhfuil ábhair, comhpháirteanna agus próisis eile ann a thiocfadh a úsáid chun teacht ar réiteach?

Conas a thiocfadh liomsa réiteach níos fearr a cheapadh?

**Leideanna chun...** Taighde níos fearr a dhéanamh

Cuir ceisteanna. Bí fiosrach. Bí oscailte i leith smaointe nua. Triail agus tástáil smaointe nua. .

Úsáid réimse leathan foinsí príomha agus tánaisteacha. Déan tagairt do do chuid foinsí agus ceistigh cé acu atá siad iontaofa.

Sceitseáil smaointe nó réitigh ar bith a thagann chugat is cuma a bhunúsaí a bhíonn siad. Baineann sé sin le do thionscadal ar fad.


Breathnaigh ar dhaoine agus tabhair do d’aire conas a úsáideann agus a aimsíonn siad na spásanna agus na táirgí sa domhan timpeall orthu.

## Do Smaoineamh Dearaidh a Bheachtú:

Tar éis machnamh criticiúil a dhéanamh ar do chuid smaointe dearaidh, beachtaigh do smaointe chun réiteach deiridh a sceitseáil.

Sceitseáil do réiteach deiridh sa spás 100 x 100mm thíos.

Is féidir do sceitse deiridh a úsáid mar theimpléad le do smaoineamh a aistriú ar an veinír adhmaid.




# Ócáid Seiceála Isteach Sláinte agus Sábháilteachta

**Mír / Gníomhaíocht:**

| **Guais(eacha):**<br>Is é is guais ann aon rud a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh. | **Riosca(í):**<br>Is é an riosca an dochar a d’fhéadfadh tarlú de bharr na guaise. | **Bearta Rialaithe:**<br>Is iad na bearta rialaithe na réamhchúraimí a ghlactar lena chinntiú go ndéantar an riosca a dhíchur nó a laghdú. |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

## Foghlaim a Ghabháil

1. Taispeánann an íomhá ar dheis uirlis a úsáidtear chun painéal maircíneachta a dhéanamh.




(i) Ainmnigh an uirlis a thaispeántar.

| |
|---|
| Ainm na hUirlise: |

(ii) Ainmnigh na codanna a bhfuil lipéad **A** agus **B** orthu ar an uirlis.

| |
|---|
| A. |
| B. |

(iii) Cruthaigh sceitse néata saorláimhe den uirlis sa spás a thugtar.

2. Tá sláinte agus sábháilteacht tábhachtach agus uirlisí á n-úsáid sa seomra Teicneolaíocht Adhmaid.

(i) Tabhair cúis **amháin** go bhfuil sláinte agus sábháilteacht tábhachtach.

(ii) Sainaithin an chuid den uirlis a d'fhéadfaí a áireamh ina guais sábháilteachta.



(iii) Cuir síos ar riosca féideartha **amháin** agus an uirlis á húsáid agat.

(iv) Luaigh **dhá** réamhchúram a ba chóir a dhéanamh agus an uirlis á húsáid.

| |
|---|
| 1. |
| |
| 2. |
| |

## ‘Turas Dul Chun Cinn Mo Scileanna’ – Ag Machnamh ar do chuid Scileanna




**Gné don obair chúrsa:**

| Cad é? | Cad é faoi? | Cad é anois? |
| --- | --- | --- |
| Cad é a d'fhoghlaim mé? | Cad é a insíonn sé seo dom faoi mo chuid láidreachtaí agus réimsí le feabhsú sa scil seo? | Cad é is féidir liom a dhéanamh chun feabhas a chur ar an scil seo? Cad iad mo spriocanna agus m’aidhmeanna chun bogadh ar aghaidh? |

**Tionscadal:**

**Scil:**

**Pictiúr/Sceitse:**

Cad é?...

Cad é faoi?...

Cad é anois?...

**Tionscadal:**

**Scil:**

**Pictiúr/Sceitse:**

Cad é?...

Cad é faoi?...

Cad é anois?...

**Tionscadal**

**Scil:**

**Pictiúr/Sceitse:**

Cad é?...

Cad é faoi?...

Cad é anois?...

# Lorg Mo Thionscadail



Conas a d'fhéadfá a bheith níos inbhuanaithe sa chéad tionscadal eile?

Cén fáth arbh fhearr don timpeallacht dá mbainfí úsáid as veiníri sna míreanna seo in áit adhmad soladach a úsáid?


Aimsigh agus sceitseáil míreanna ar scoil agus sa bhaile ina n-úsáidtear veinír.

Conas a rinne tú iarracht dramhaíl neamhriachtanach ábhar a sheachaint le linn an tionscadail seo?





Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

## Scan an cód MF chun rochtain a fháil ar na hacmhainní do sheisiún an lae inniu




Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe




MRB 2 Teicneolaíocht Adhmaid samplaí




Póstaer Idirghníomhach MRB 2 Teicneolaíocht Adhmaid




Mo Thuras Forbairt Scileanna sa Teicneolaíocht Adhmaid




Mo Threoir Dhearaidh




Nóta eolais faoi scrúduithe na Sraithe Sóisearaí i raon ábhar, 2022, C.S.S.




Treoirlínte Sláinte agus Sábháilteachta do Scoileanna




Máistir-rang Maircíneachta


Iniúchadh & Fiosrú
Giniúint
Réiteach & Cosaint
Mionsonrú
Táirgeadh
Luacháil & Machnamh

Seirbhís Tacaíochta de chuid na Roinne Oideachais
A Department of Education Schools' Support Service

Oifig an Stiúrthóra Bainistíochta, BOOLM, Sráid an tSéipéil, Dún Dealgan, A91 C7D8.
Managing Director's Office, LMETB, Chapel Street, Dundalk, A91 C7D8.

Lean @oide_Ireland @oide_PP_Tech4

Teagmháil info@oide.ie

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers